# Bille na dTeangacha Oifigiúla (Ceart chun an Ghaeilge a Úsáid) (Leasú), 2026
# Official Languages (Right to Use the Irish Language) (Amendment) Bill 2026

*Mar a tionscnaíodh*

*As initiated*

[Uimh. 24 de 2026]

**BILLE NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA (CEART CHUN AN GHAEILGE A ÚSÁID) (LEASÚ), 2026**
**OFFICIAL LANGUAGES (RIGHT TO USE THE IRISH LANGUAGE) (AMENDMENT) BILL 2026**

*Mar a tionscnaíodh*

*As initiated*

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Míniú
2. Leasú ar an bPríomh-Acht
3. Leasú ar Acht 2009
4. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

Na hAchtanna Dá dTagraítear

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (Uimh. 32)

An tAcht Craolacháin, 2009 (Uimh. 18)

d'Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021

**BILLE NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA (CEART CHUN AN GHAEILGE A ÚSÁID) (LEASÚ), 2026**
**OFFICIAL LANGUAGES (RIGHT TO USE THE IRISH LANGUAGE) (AMENDMENT) BILL 2026**

# Bille

*dá ngairtear*

Acht do leasú Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 chun an ceart chun dul i mbun cumarsáide trí mheán na Gaeilge gan sárú a chosaint; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Míniú**

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn "Príomh-Acht" Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003;

ciallaíonn "Acht 2009" an tAcht Craolacháin, 2009.

**Leasú ar an bPríomh-Acht**

**2.** Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) tríd an mír (g) seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f) in alt 21:

"(g) imscrúdú a dhéanamh de bhun gearán a bheidh déanta leis nó léi ag aon duine chun a fháil amach ar chuir aon duine eile isteach ar cheart an duine sin cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge de réir alt 30A den Acht seo, chun a mheas an raibh an sárú seo bailí, agus chun tuarascáil ar imscrúdú a fhoilsiú agus a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.",

agus sa teács Bearla:

"(g) investigate, on the basis of a complaint made to him or her by any person, to determine whether any other person has interfered with that person's right to communicate through the medium of Irish in accordance with section 30A of this Act, to consider whether this infringement was valid, and to publish and lay a report of the investigation before the Houses of the Oireachtas.",

agus

(b) tríd an gcuid nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 30:

"CUID 4A

CEART CHUN AN GHAEILGE A ÚSÁID

**Ceart chun an Ghaeilge a Úsáid**

**30A.** Is í an Ghaeilge an teanga náisiúnta agus an príomhtheanga oifigiúil, agus dá réir, aithnítear go bhfuil an ceart ag gach duine chun an Ghaeilge a úsáid agus iad i mbun cumarsáide sa Stát nó le duine nó le daoine ar bith eile sa Stát.

**Úsáid na Gaeilge san Ionad Oibre**

**30B.** (1) Ní ceadmhach d'aon fhostóir cosc a chur ar aon fhostaí dá chuid nó dá cuid an Ghaeilge a labhairt nó a scríobh nó an leagan Gaeilge de logainm Éireannach a rá nó a scríobh i gcúrsa a chuid fostaíochta nó a cuid fostaíochta, ach amháin i gcásanna ar leith ar ócáidí áirithe inar féidir leis an bhfostóir a chruthú don Choimisinéir go hoibiachtúil go bhfuil sé riachtanach labhairt nó scríobh na Gaeilge a thoirmeasc chun gnó an fhostóra a chur i gcrích.

(2) I gcás go gcinnfidh an Coimisinéir, de bhun imscrúdú arna sheoladh de bhun a chuid nó a cuid feidhmeanna de réir alt 21(g), gur sháraigh fostóir fo-alt (1), féadfaidh an Coimisinéir a ordú don fhostóir sin cúiteamh nach mó ná €5,000 a íoc leis an bhfostaí lena mbaineann an sárú sin.",

agus sa teács Bearla:

"PART 4A

RIGHT TO USE THE IRISH LANGUAGE

**Right to Use the Irish Language**

**30A.** Irish is the national and first official language, and accordingly, it is recognised that everyone has the right to use Irish when communicating in the State or with any other person or persons in the State.

**Use of the Irish Language in the Workplace**

**30B.** (1) No employer may prohibit any of his or her employees from speaking or writing in the Irish language or from saying or writing the Irish version of an Irish placename in the course of his or her employment, except in specific cases on certain occasions where the employer can objectively prove to the Commissioner that it is necessary to prohibit the speaking or writing of Irish in order to carry out the employer's business.

(2) Where the Commissioner, pursuant to an investigation conducted pursuant to his or her functions under section 21(g), determines that an

employer has contravened subsection (1), the Commissioner may order that employer to pay compensation not exceeding €5,000 to the employee to whom that contravention relates.”.

**Leasú ar Acht 2009**

**3.** Leasaítear Acht 2009 tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt 139K(2):

“(e) that, in all policies adopted pursuant to paragraphs (a), (b), (c) and (d), the same protection shall be provided to a user of content in Irish as is provided to a user of content in English, and that no service shall deny access to content in Irish except for a reason for which access to content in English would be denied, such as in the case of online content that is harmful or age-inappropriate.”.

**Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme**

**4.** (1) Féadfar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Ceart chun an Ghaeilge a Úsáid) (Leasú), 2026 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 go 2026 a ghairm d’Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021 agus den Acht seo le chéile.

(3) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh nuair a achtaítear é.

Official Languages (Right to Use the Irish Language) (Amendment) Bill 2026

# BILL

*(as initiated)*

*entitled*

An Act to amend the Official Languages Act 2003 and the Online Safety and Media Regulation Act 2022 to protect the right to communicate through the medium of the Irish language without infringement; and to provide for related matters.

*Introduced by Deputies Aengus Ó Snodaigh and Shónagh Ní Raghallaigh,*

4*th March,* 2026

Bille na dTeangacha Oifigiúla (Ceart chun an Ghaeilge a Úsáid) (Leasú), 2026

# BILLE

*(mar a tionscnaíodh)*

*dá ngairtear*

Acht do leasú Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus an Achta um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022 chun an ceart chun dul i mbun cumarsáide trí mheán na Gaeilge gan sárú a chosaint; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

*Na Teachtaí Aengus Ó Snodaigh agus Shónagh Ní Raghallaigh a thug isteach,*

4 *Márta,* 2026

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

9 781399 342155